**Cairt an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca**
**TG4**
***Meitheamh 2024***

## 1. Beartas Rialachais

Tacaíonn TG4 leis na caighdeáin is airde sa rialachas corparáideach agus cleachtaíonn sí iad.

## 2. Cuspóir

Bunaíodh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca chun cuidiú le Bord TG4 a bhfreagrachtaí maoirseachta maidir leo seo a leanas a chomhlíonadh:

2.1. An próiseas tuairiscithe airgeadais

2.2. An córas rialaithe inmheánaigh

2.3. An próiseas bainistíochta riosca

2.4. An próiseas iniúchóireachta

2.5. Próiseas an Bhoird le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh dlíthe agus rialacháin

## 3. Údarás

Tugann Bord TG4 údarás don Choiste Iniúchóireachta & Riosca le:

3.1. Imscrúdú a dhéanamh nó a údarú maidir le nithe laistigh dá scóip freagrachta

3.2. Saineolas ón taobh amuigh a fhostú le comhairle a chur air maidir lena ghnóthaí a dhéanamh

3.3. Aon eolas a theastódh uaidh ó chomhaltaí agus ó fhostaithe TG4 a lorg

3.4. Bualadh le comhaltaí, le foirne, le hiniúchóirí seachtracha nó comhairleoirí TG4 de réir mar is gá

## 4. Comhdhéanamh

Beidh ar a laghad triúr neamh-fheidhmeannach ar an gCoiste Iniúchóireachta & Riosca a cheapfar ar feadh téarma cúig bliana. An Bord a cheapfaidh comhaltaí an Choiste agus cathaoirleach an Choiste. Beidh "taithí airgeadais le déanaí agus ábhartha" ag comhalta amháin ar a laghad den Choiste.

## 5. Cruinnithe & Freastal

5.1. Tiocfaidh an Coiste le chéile ar a laghad ceithre uaire sa bhliain agus beidh d'údarás aige cruinnithe breise a thionól de réir mar is gá.

5.2. Beifear ag súil go bhfreastalóidh gach comhalta den Choiste ar gach cruinniú agus beirt chomhaltaí an líon gnó do chruinniú a chomhaontú, sa chás go mbeadh an Cathaoirleach as láthair, go nglacfaidh duine acu ról agus post an Chathaoirligh ag an gcruinniú sin.

5.3. Tabharfaidh an Coiste cuireadh do chomhaltaí bainistíochta, iniúchóirí agus eile freastal ar chruinnithe agus faisnéis a bhaineann le hábhar a sholáthar de réir mar is gá.

5.4. Reáchtálfaidh an Coiste cruinnithe príobháideacha ar leithligh leis an bhFoireann Iniúchóireachta Inmheánaí agus leis na hiniúchóirí seachtracha ar a laghad uair sa bhliain.

5.5. Déanfar cláir chomh maith le hábhair mhionteagaisc iomchuí a ullmhú agus a chur ar fáil do chomhaltaí an Choiste ar a laghad seachtain roimh na cruinnithe.

5.6. Cuirfidh baill foirne sannta TG4 seirbhísí Rúnaíochta ar fáil don Choiste Iniúchóireachta & Riosca agus glacfaidh miontuairiscí ag gach cruinniú. Déanfaidh Comhaltaí an Choiste miontuairiscí cruinnithe den chineál sin a cheadú agus cuirfear ar fáil iad don Bhord ar bhonn tráthúil.

5.7. I ndiaidh gach cruinniú leis an gCoiste Iniúchóireachta & Riosca tuairisceoidh Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta & Riosca chuig an mBord mar is gá.

## 6. Freagrachtaí maidir leis na Ráitis Airgeadais

Seo a leanas na freagrachtaí a chomhlíonfaidh an Coiste Iniúchóireachta & Riosca maidir le ráitis airgeadais

6.1. Saincheisteanna suntasacha cuntasaíochta agus tuairiscithe lena n-áirítear idirbheartaíochtaí casta nó neamhghnácha agus réimsí ardbhreithiúnacha a athbhreithniú chomh maith le fógraí gairmiúla agus rialacháin agus an tionchar a bheadh acu ar na ráitis airgeadais a thuiscint.

6.2. Torthaí na n-iniúchtaí, lena n-áirítear aon deacrachtaí a dtiocfaí orthu, a athbhreithniú i dteannta na bainistíochta agus na n-iniúchóirí seachtracha.

6.3. An tslí a ndéanann an bhainistíocht faisnéis airgeadais eatramhach a fhorbairt a thuiscint chomh maith leis an mbaint agus an mhéid bainte a bhíonn ag iniúchóir inmheánach agus seachtrach leis.

## 7. Freagrachtaí a bhaineann leis na Ráitis Airgeadais

7.1. Éifeachtacht rialachán inmheánacha TG4 a bhreithniú lena n-áirítear slándáil agus rialú na teicneolaíochta faisnéise

7.2. Scóip na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha i dtaobh an athbhreithnithe inmheánaigh a thuiscint agus tuairiscí a fháil ar thorthaí agus ar mholtaí suntasacha chomh maith le freagraí ón mbainistíocht.

7.3. Aon tionscnamh nó imscrúdú speisialta a mheasann an Coiste a bheith riachtanach a thionscnamh laistigh de théarmaí ginearálta na Cairte seo.

7.4. Monatóireacht a dhéanamh faoi mar a dhéanann an bhainistíocht moltaí iniúchóireachta a fheidhmiú.

## 8. Freagrachtaí a bhaineann le Bainistiú Riosca

8.1. Leordhóthanacht agus éifeachtacht phróiseas TG4 le riosca airgeadais, oibríochta agus rialacháin a aithint chomh maith le measúnú tionchair agus measúnú minicíochtaa athbhreithniú.

8.2. Leordhóthanacht agus éifeachtacht na rialacháne a fheidhmíonn an bhainistíocht le rioscaí airgeadais, oibríochta agus rialála a mhaolú a athbhreithniú.

8.3. Comhairle a thabhairt don Bhord maidir le nithe a bhaineann leis an bpróiseas measúnaithe agus bainistithe gnímh chun riosca a mhaolú.

## 9. Freagrachtaí a bhaineann leis an Iniúchóireacht Inmheánach

9.1. Athbhreithniú a dhéanamh, i gcomhar leis an mbainistíocht, ar an *gCairt Iniúchóireachta Inmheánaí,* ar ghníomhaíochtaí, ar sholáthar foirne agus ar struchtúr eagraíochtúil na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

9.2. A chinntiú nach bhfuil aon srian ná teorainn gan údar leis an bhFeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí agus ceapadh, athsholáthar nó briseadh na Feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí a athbhreithniú agus a chomhaontú.

9.3. Éifeachtacht na Feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí a athbhreithniú lena n-áirítear go bhfuiltear ag comhlíonadh '*Caighdeáin maidir le Cleachtas Gairmiúil na hIniúchóireachta Inmheánaí'*

9.4. Bualadh astu féin leis na hIniúchóirí Inmheánacha ar bhonn rialta chun aon ní a mheasann an Coiste nó an iniúchóireacht inmheánach ba chóir a phlé go príobháideach a phlé.

9.5. Ról an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí a bhreithniú in éineacht leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus/nó leis na hIniúchóirí nmheánacha de réir mar is cuí.

## 10. Freagrachtaí a bhaineann le Comhlíonadh

10.1. Éifeachtacht an chórais atá ann le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh dlíthe, rialachán agus treoirlínte cuí a athbhreithniú chomh maith le torthaí imscrúdú na bainistíochta agus aon chás nár rinneadh iad a chomhlíonadh a leanacht.

10.2. Eolas cothrom le dáta a fháil go rialta ón mbainistíocht agus ó aturnaetha na cuideachta maidir le cúrsaí comhlíonta

## 11. Freagrachtaí a bhaineann le Tuairisciú

11.1. Tuairisciú do Bhord TG4 maidir le gníomhaíochtaí agus saincheisteanna an Choiste agus moltaí bainteacha

11.2. Bealach oscailte cumarsáide idir an iniúchóireacht inmheánach, na hiniúchóirí seachtracha agus Bord TG4 a éascú.

11.3. Faisnéis a ullmhú maidir le comhdhéanamh an C

hoiste, freagrachtaí an Choiste agus mar a comhlíonadh iad agus aon fhaisnéis eile a éilítear faoi riail agus cead a fháil, mar is gá, ó Bhord TG4 lena chur sa tuarascáil bhliantúil.

11.4. Aon tuairiscí eile a eisíonn an chuideachta a bhaineann le freagrachtaí an Choiste a athbhreithniú.

## 12. Freagrachtaí Eile

12.1. Aon ghníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an gcairt seo mar a iarrann an Bord a chomhlíonadh

12.2. Imscrúduithe speisialta mar is gá a ordú agus a mhaoirsiú

12.3. Leordhóthanacht chairt an Choiste a athbhreithniú agus a mheas ar bhonn bliantúil agus comhaontú an Bhoird a lorg maidir le haon athruithe a bheadh beartaithe

12.4. A dheimhniú ar bhonn bliantúil gur comhlíonadh gach freagracht mar a leagtar amach sa Chairt seo iad

12.5. Beartas a d'fhéadfaí a thabhairt isteach faoina bhféadfadh an fhoireann aon imní a bheadh orthu faoi aon iompar míchuí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ar siúl a ardú faoi rún agus a chinntiú go mbeadh socruithe i bhfeidhm chun gach ní den chineál sin a imscrúdú.

12.6. Feidhmíocht an Choiste a mheas ar bhonn rialta